Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Bealtaine 2020
(OR. en)

8267/20

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0071 (COD)**

**VOTE 32**
**INF 109**
**PUBLIC 40**
**CODEC 411**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | • Toradh na vótála<br>• Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha (AE) 2016/797 agus (AE) 2016/798, a mhéid a bhaineann lena dtréimhsí trasuí a fhadú<br>= Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 a ghabhann le CFAE maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas.<br>Toradh an nós imeachta i scríbhinn a tugadh chun críche an 25 Bealtaine 2020 |

Tá toradh na vótála maidir leis an ngníomh reachtach thuasluaite in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an nóta seo.

Doiciméad tagartha:

PE-CONS 14/20

dáta an chinnidh ag Coreper, Cuid 1, 20.5.2020 an nós imeachta i scríbhinn a úsáid

Na ráitis agus/nó na míniúcháin a tugadh maidir leis an vótáil, tá siad in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an nóta seo.

General Secretariat of the Council

| | |
|---|---|
| Institution: | **Council of the European Union** |
| Session: | |
| Configuration: | |
| Item: | **2020/0071 (COD)** (Document: **14/20**) |
| Voting Rule: | **qualified majority** |
| Subject: | Directive of the European Parliament and of the Council amending Directives (EU) 2016/797 and (EU) 2016/798, as regards the extension of their transposition periods |

| Vote | Members | | Population (%) |
|---|---|---|---|
| Yes | 25 | | 95,08% |
| No | 0 | | 0% |
| Abstain | 2 | | 4,92% |
| Not participating | 0 | | |
| Total | 27 | | |

Sitting date: **25/05/2020**
Final result

| Member State | Weighting | Vote |
|---|---|---|
| **BELGIQUE/BELGIË** | 2,56 | Abstain |
| **БЪЛГАРИЯ** | 1,56 | Yes |
| **CESKÁ REPUBLIKA** | 2,35 | Abstain |
| **DANMARK** | 1,30 | Yes |
| **DEUTSCHLAND** | 18,54 | Yes |
| **EESTI** | 0,30 | Yes |
| **ÉIRE/IRELAND** | 1,10 | Yes |
| **ΕΛΛΑΔΑ** | 2,40 | Yes |
| **ESPAÑA** | 10,49 | Yes |
| **FRANCE** | 14,98 | Yes |
| **HRVATSKA** | 0,91 | Yes |
| **ITALIA** | 13,65 | Yes |
| **ΚΥΠΡΟΣ** | 0,20 | Yes |
| **LATVIJA** | 0,43 | Yes |

| Member State | Weighting | Vote |
|---|---|---|
| **LIETUVA** | 0,62 | Yes |
| **LUXEMBOURG** | 0,14 | Yes |
| **MAGYARORSZÁG** | 2,18 | Yes |
| **MALTA** | 0,11 | Yes |
| **NEDERLAND** | 3,89 | Yes |
| **ÖSTERREICH** | 1,98 | Yes |
| **POLSKA** | 8,49 | Yes |
| **PORTUGAL** | 2,30 | Yes |
| **ROMÂNIA** | 4,34 | Yes |
| **SLOVENIJA** | 0,47 | Yes |
| **SLOVENSKO** | 1,22 | Yes |
| **SUOMI/FINLAND** | 1,23 | Yes |
| **SVERIGE** | 2,29 | Yes |
| | | |

** When acting on a proposal from the Commission or the High Representative, qualified majority is reached if at least 55 % of members vote in favour (15 MS) accounting for at least 65% of the population*

*For information: http://www.consilium.europa.eu/public-vote*

## Ráiteas ó Phoblacht na Seice

Ba dhíol sásaimh do Phoblacht na Seice freagairt ghasta an Choimisiúin Eorpaigh ar an staid urghnách a bhí mar thoradh ar ráig COVID-19 agus ar riachtanais na mBallstát. Ar na saolta éiginnte deacra seo, tá sé ríthábhachtach tréimhse thrasuí an cholúin theicniúil den 4ú Pacáiste Iarnróid a fhadú.

Le linn na caibidlíochta ar an dréacht-Treoir, mhol Poblacht na Seice go láidir go gcuirfí moill leordhóthanach ar thrasuí d'fhonn an próiseas reachtach is gá a thabhairt chun críche ar an leibhéal náisiúnta, lena léireofaí imthosca urghnácha a tharla mar thoradh ar ráig COVID-19.

Dá bhrí sin, cuireann Poblacht na Seice in iúl go bhfuil an-díomá uirthi ós rud é nach réitíonn an síneadh ceithre mhí atá molta na fadhbanna atá ag roinnt Ballstát. Agus an dianghlasáil á scaoileadh de réir a chéile faoi láthair, táthar ag léiriú go bhfuil saincheisteanna breise ann nach mór dul i ngleic leo, agus nach bhfuil an ghéarchéim ag druidim chun deiridh. Beidh seacht gcúraimí an tsléibhe ar na parlaimintí náisiúnta sna míonna atá le teacht agus iad ag iarraidh cláir téarnaimh náisiúnta a cheapadh.

Tá cur chun feidhme comhchuibhithe an 4ú Pacáiste Iarnróid ina réamhriachtanas ríthábhachtach chun an Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid a fhorbairt a thuilleadh. I ndáil leis sin, d'áiritheofaí soiléireacht dhlíthiúil trí shíneadh cuí a chur leis an tréimhse thrasuí, threiseofaí muinín gach geallsealbhóra iarnróid agus sheachnófaí fadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn san fhómhar. Beidh an earnáil iarnróid thíos den chuid is mó le creat dlíthiúil neamh-chomhleanúnach atá ar na bacáin i réimse na gceaduithe feithiclí. D'fhéadfaí tionchar diúltach a imirt ar ghníomhaíochtaí na n-údarás náisiúnta sábháilteachta freisin, go háirithe i réimse na ndeimhnithe, na bhformheasanna feithiclí agus na hoiliúna a chuirtear ar shaineolaithe.

Is oth le Poblacht na Seice freisin an cinneadh seasamh Pharlaimint na hEorpa a leanúint gan dul i mbun caibidlíochta, rud a d'fhéadfadh a bheith an-ghasta agus an-éifeachtúil. D'fhéadfadh an cur chuige sin fasach contúirteach a chruthú ó thaobh na n-institiúidí de. D'fhéadfadh Parlaimint na hEorpa leas a bhaint as dearcadh reatha na Comhairle amach anseo i sainchomhaid eile.

Ar na cúiseanna sin, staonfaidh Poblacht na Seice ón vótáil maidir le glacadh na dréacht-Treorach.